



Gaelscoil na Cruaiche

(Bunaithe: 1995. Príomhoide: Mairéad Ní Ruáin)

Cathair na Mart, Contae Mhaigheo

Fón: 098 28121 Ríomhphost: cruaiche.ias@eircom.net

Suíomh idirlíne: gaelscoilnacruaiche.com

6ú Mártá, 2023

A thuismitheoirí dhil,

Bail ó Dhia oraibh.

Tá Seachtain na Gaeilge buailte linn. Mar is gnáth, beidh go leor imeachtaí breise ar siúl sa scoil as don gceiliúradh seo. Iarraim oraibh an nuachtlitir a léamh ionas go mbeidh na páistí ullamh do na himeachtaí ar fad.

Seachtain na Gaeilge is upon us. As per usual, we will have lots of additional activities for these celebrations. Please read the newsletter carefully to ensure your child is prepared for all activities.

Siamsa na Cruaiche

Mar is eol daoibh, tá ceolchoirm eagraithe ag Coiste na dTuistí mar chuid de Seachtain na Gaeilge ar an 12ú Mártá in Óstán an Castlecourt ag tosnú ag a 5i.n. Beidh páistí ó R1-R6 ag glacadh páirt sa cheolchoirm. Ní gá do pháistí na scoile íoc as ticéadaí. Beidh ceoltóirí den scoth ag glacadh páirt ann agus is deis iontach é seo do pháistí na scoile ceol traidisiúnta a chloisteáil. Is féidir na ticéadaí a fháil ar an nasc thíos. Beidh slua mór i láthair agus iarraim oraibh bhur dticéad a fháil go luath. Míle buíochas do Choiste na dTuistí agus Múinteoir Julie atá tar éis an-obair a dhéanamh chun é seo a eagrú.

Siamsa na Cruaiche

As you are aware, Coiste na dTuistí have organised a special concert as part of our Seachtain na Gaeilge celebrations. The concert takes place in the Castlecourt Hotel on March 12th at 5pm. The pupils from R1-R6 will be taking part in the concert. Our current pupils do not need to pay for tickets. There is a fantastic line up and offers our pupils a wonderful opportunity to hear traditional music. Tickets can be purchased on the link below. There will be a large crowd in attendance. Please purchase your tickets early to avoid disappointment. Sincerest thanks to Coiste na dTuistí and Múinteoir Julie for organising this event.



Siamsa Na Cruaiche

[eventbrite.ie](https://www.eventbrite.ie)

Siamsa na Cruaiche

Maidir leis an gCeolchoirm, meabhraím daoibh go

- gcaithfidh na páistí (R1 -R6) a bheith i láthair ag **4:40 i.n.** Tosaíonn an ceolchoirm ag 5 i.n.
- mbeidh na páistí ag cur túis leis an gcéad agus an dara leath. Beidh siad ag filleadh ar a dtusimitheoirí ansin chun éisteacht leis an gcuid eile den gceolchoirm.
- gcríochnóidh an ceolchoirm ag a 7 i.n.
- gcaithfidh na páistí éadaí scoile ionláine a chaitheamh. Beidh uirlisí ceoil ag teastáil ó Rang 2-Rang 6.

Siamsa na Cruaiche

Please note the following for the concert:

- *Pupils (R1 -R6) are to be at the Castlecourt for **4:40 p.m.** Concert begins at 5pm sharp.*
- *The pupils (R2 – R6) will start both the first and second parts of the concert. They will return to their families to listen to the concert between their acts.*
- *Concert finishes at 7p.m.*
- *Pupils must wear their full school uniform. Pupils in Rang 2-Rang 6 will need their musical instruments.*

Uirlisí Ceoil

Beidh cleachtadh ceoil ar siúl gach lá ó R2-R6 agus muid ag ullmhú do Siamsa na Cruaiche. Iarraim oraibh a chinntíú go mbeidh na huirlisí ag na páistí agus iad ag teacht ar scoil gach lá. Beidh fáilte roimh thuismitheoirí seinnt linn ar an oíche. Más mian libh a bheith páirteach, iarraim oraibh glaoch ar an Oifig agus ainm a fhágáil linn.

Musical instruments

Music rehearsals for the Siamsa na Cruaiche concert will take place for R2-R6 every day. Please ensure your child has their musical instruments with them. Parents are welcome to play with the children on the night. If you wish to be a part of this special concert, please ring the Oifig and leave your name with us.

An Chóineartú

Comhghairdeachas leis na daltaí a rinne a gCóineartú an Satharn seo caite. Tá focal buíochais faoi leith tuillte ag Múinteoir Neasa a d'ullmhaigh na leanáí don searmanais seo agus Múinteoir Julie a d'ullmhaigh na páistí don gcanadh. Maith sibh!

Confirmation

Congratulations to the pupils in Rang 6 who made their Confirmation on Saturday last. A special word of praise is due to Múinteoir Neasa who prepared the pupils for this Sacrament and Múinteoir Julie who prepared the students for the singing.

Lá na mBrat: Focal Buíochais

Glacaim an deis seo chun mo bhúiochas a ghabháil libh as ucht bhur dtacaíocht ar Lá na mBrat. Tá focal molta faoi leith tuillte ag Siobhán san oifig as ucht an róta agus an bailiúcháin ar fad a eagrú ar son na scoile. Bailíodh €3230 ar an lá. Míle buíochas do Choiste na dTuistí a chuaigh i gceannas ar an mbailiúchán seo.

Flag Day: A word of thanks

*I avail of this opportunity to thank all the families in the school for their co-operation in supporting the Flag Day in aid of our school. In total, **€3230** was collected.. A very special word of thanks is due to Siobhán in the office for co-ordinating the whole rota and ensuring the success of this fundraiser in*

aid of our school. Many thanks also to Coiste na dTuistí must be commended for all their hard work on Saturday.

Tráth na gCeist an Chomhair Creidmheasa

Ghlac foireann na scoile páirt sa Tráth na gCeist inné. Bhí ard-chaighdeán le feiceáil agus d'éirigh thar barr lenár bhfoireann. Tháinig siad sa dara áit i gcondae Mhaigh Eo, rud a chiallaíonn go mbeidh siad ag dul ar aghaidh go Baile Átha Cliath do bhabhta ceannais na hÉireann. Táimíd an-bhródúil astu. Míle buíochas do Mhúinteoir Máire a chuaigh i gceannas ar an bhfoireann inné.

Credit Union Primary School Quiz

Our school team took part in the Primary School Quiz yesterday. The standard was very high, and our team did very well. They took second place in county Mayo, which qualifies them to take part in the All-Ireland competition next month. We are very proud of them. Many thanks to Múinteoir Máire who accompanied the team yesterday.

Bleast Eolaíochta

Thug Rang 5 cuairt ar an an tseachtain seo caite. Bhí an-lá acu agus d'fhoghlaim siad an t-úafás faoi chúrsáí eolaíochta. Tháinig siad ar ais le go leor smaointe nua. Míle buíochas do Mhúinteoir Colm agus Celine a thug an rang ar an turas iontach seo.

Science Blast

Rang 5 attended the last week. They had a great day and learnt lots about science. They returned full of new ideas for the future. Many thanks to Múinteoir Colm and Celine for bringing the class on this wonderful trip.

Sábháilteach Idirlíon

Beidh Jeremy Padgen ó Lurtel ag cur cursa sábháilteach idirlíon ar siúl i nGaelscoil na Cruaiche ar an Mháirt, an 7ú Mártá i rith am scoile. Beidh an cursa ar fáil do R1-R6. Beidh webinar ar siúl do thuismitheoirí (Naí Bheaga – R6) an oíche sin ag 7:00 i.n. chomh maith. B'fhiú go mór do thuismitheoirí freastal ar an oíche seo. Mar scoil, feicimíd gach lá an tionchur atá ag imeachtaí ar líne ar na páistí. Is féidir clárú a dhéanamh don oíche leis an nasc thíos.

<https://us02web.zoom.us/meeting/register/tZAof-yurT8oGNd6H8aP4eo8Sul-93ezkptW>

Cyber Bullying and Internet Safety talk

Jeremy Padgen from Lurtel will provide a series of workshops on Cyber Bullying and Internet Safety for our 1st – 6th classes on Tuesday 7th March. That evening, a webinar for all parents (Junior Infants – 6th class) will be held at 7p.m. The registration link below enables you to register for the night. It is important that all parents try to attend as many pertinent issues will be discussed. We as a school, see the impact online activities have on the children every day.

<https://us02web.zoom.us/meeting/register/tZAof-yurT8oGNd6H8aP4eo8Sul-93ezkptW>

Aire

Mar go bhfuil roinnt ailléirge ag cúpla dalta sa scoil, iarraim oraibh gan aon bhia a sheoladh isteach ar scoil ach amháin lón bhur ngasúir féin. Má tá aon ailléirge ag aon pháiste, iarraim oraibh teagmháil a dhéanamh linn san Oifig chomh luath agus is féidir. Níl sé de chead ag aon dalta a lón a roinnt ar scoil.

Attention

A number of our pupils have allergies and therefore we ask parents to refrain from sending in any additional food, other than their children's lunches. If your child has any allergies, we ask you to inform us here in the Oifig as soon as possible. Pupils are also requested to refrain from sharing their lunch to ensure the health and safety of all.

Railyard Fitness

Leanann na seisiúin Railyard Fitness le R2-R4 inniu. Caithfidh na páistí éadaí reatha na scoile a chaitheamh le haghaidh na seisiúin seo. Tá súil againn go mbainfidh siad taitneamh astu.

Railyard Fitness

R2-R4 continue their weekly sessions of Railyard fitness today. Pupils must wear their school tracksuit for this. We hope they enjoy these sessions.

Comórtas Seachtar an Taobh

Tá an chéad comórtas camógaí agus iománaíochta ag teacht aníos agus beidh foirne seachtar an taobh na scoile ag glacadh páirt i gcomórtas na Mini-7s i gCaisleán an Bharraigh an mhí seo. Beidh comórtas na gcailíní ar siúl ar an gCéadaoin, 15ú Mártá agus comórtas na mbuachaillí ar an gCéadaoin 22ú Mártá. Go néirí libh, a pháistí!

Mini Sevens

The first of the hurling/camogie competitions is coming up with our seven a side teams taking part in the Cumann na mBunscol Mini-sevens hurling/camogie competitions in Castlebar this month. The girls' competition takes place on Wednesday, 15th March and the boys' competition on Wednesday, 22nd March. We wish them the best of luck!

Míoltaí Gruaige

Iarraim oraibh bheith an-aireach faoi mhíoltaí gruaice agus gruaig do pháiste a sheiceáil go minic. Is féidir eolas a fháil faoi chonas fáil réidh leo ar an nasc thíos.

<https://www2.hse.ie/conditions/head-lice-nits/> Táimid ag siúl le comhoibriú ionlán ó gach clann chun stop a chur leis an bhfadhb seo.

Head Lice

You are asked to be vigilant about head-lice and to regularly inspect your child's hair. Information to help deal with this issue can be found at this link <https://www2.hse.ie/conditions/head-lice-nits/>. Every parent's co-operation is needed to keep the school free of head lice and your efforts as always are greatly appreciated.

Peil Gaelach

Leanann an pheil Gaelach le R1-R3 ar aghaidh amárach le Tim ó CLG Chathair na Mart. Caithfidh na páistí éadaí reatha na scoile a chaitheamh. Tá súil againn go mbainfidh siad an-taitneamh as na seisiúin seo.

Gaelic Football

The Gaelic football sessions for R1-R3 with Tim from Westport GAA continue tomorrow. The children must wear their sports uniform for this. We hope they enjoy these sessions.

County Photos

Cuireadh na pacáistí maidir le County Photos abhaile an tseachtain seo caite. Níl aon bhrú na grianghrafnna seo a cheannach. Muna bhfuair tú an pacáiste, iarraim oraibh glaoch a chur ar an Oifig. Má theastaíonn uait iad a ordú, caithfear íoc ar líne roimh an Aoine, 10ú Mártá. Mar anuraidh, ní bheidh an scoil ag glacadh le aon airgead maidir leis na grianghrafnna.

County Photos

The County Photos packs were sent home last week. There is no obligation to buy these photographs. If you have not received the pack, please contact the Oifig. If you wish to order them, please place

your order online before Friday, 10th March. As per last year, the school will not be accepting any money for the photographs.

Lá Domhanda na Leabhar

Bhí Lá Domhanda na Leabhar ar siúl an Déardaoin seo caite. Rinne na páistí an-iarracht leis an ngléasadh suas agus bhaineadar an-taitneamh as an lá. Bhí neart leabhair ag malartú timpeall na scoile chomh maith. Ár mbuiochas ó chroí le Múinteoir Julie as ucht an lá seo a eagrú dúinn.

World Book Day

We had a very successful World Book Day last Thursday. The children's costumes were fantastic, and they really enjoyed the day. There were lots of books being swapped throughout the school too. Many thanks to Múinteoir Julie for organising this special day for the pupils.

Comórtas FIFA/Spar- 5 an taobh

Beidh 2 fhoireann sacar (buachaillí agus cailíní) ag glacadh páirt sa chomórtas seo ar an Déardaoin agus an Aoine seo. Iarraim oraibh a chinntíú go mbeidh bróga reatha/peile, uisce, lón, éide spóirt acu ar an lá. Tapaím an deis seo chun mo bhuiochas a ghabháil le Múinteoir Máire Ní Chionnaigh, Siobhán agus Múinteoir Colm as ucht na daltaí a thraenáil don gcomórtas seo.

FIFA/Spar 5-a side Competition

Our 2 soccer teams, boys and girls, will compete in the above competition on Westport United grounds this Thursday/Friday. Please ensure that the pupils bring runners/football boots, lunch and are dressed in their sports uniform. I avail of this opportunity to thank Maire Ní Chionnaigh, Siobhán and Múinteoir Colm for preparing the Gaelscoil teams for this competition.

Seachtain na Gaeilge 2023

Beidh seachtain lán d'imeachtaí difriúla ar siúl againn i rith Seachtain na Gaeilge ó 9ú -16ú Mártá. Gheobhaidh sibh a thuilleadh eolais faoin gceiliúradh seo go luath. Míle buiochas le Múinteoir Máire atá ag eagrú na himeachtaí dúinn.

Seachtain na Gaeilge 2023

As part of 'Seachtain na Gaeilge' there will be several different activities taking place in Gaelscoil na Cruaiche which runs from 9th -16th March. The complete list of these activities will be forwarded to all parents shortly. Many thanks to Múinteoir Máire for organising the activities.

Lá Glas

Tá cead ag na páistí gléasadh suas in éadaí glasa ar an Déardaoin, an 16ú Mártá mar cheiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge agus Lá Fhéile Phádraig.

Green Day

The children are allowed to dress in all shades of green coming to school on Thursday, the 16th March in honour of Seachtain na Gaeilge and St. Patrick's Day.

Lá Fhéile Phádraig

Ní bheidh an Ghaelscoil ag glacadh páirt sa pharáid i mbliana agus dá bharr sin, beidh na páistí in ann dul lena gclubanna ar fad ar an lá. Tá súil againn go mbeidh an-lá acu.

St. Patrick's Day

The Gaelscoil will not be participating in the parade this year. Therefore, the children are free to walk with their clubs and groups. We hope they enjoy the day.

Comórtas na mBoinéad Cáscá:

Beidh comórtas na mboinéad Cásca á rith againn arís i mbliana do phaistí Rang 3/4/5/6. Bíonn boinéadaí iontacha cruthaíoch déanta ag na páistí gach bliain agus táimíd ag súil go mór le hiad a fheiceáil. Beidh muid ag bronnadh na nduaiseanna don gcomórtas seo ar an Aoine an 31ú Mártá.

Easter Bonnet Competition

The Easter Bonnet Competition will be held again this year for the pupils in Rang 3/4/5/6. Every year, the children have the most wonderful creative entries, and we are really looking forward to this year's parade. Prizes will be given on Friday, the 31st March after the Easter Bonnet Parade.

Laethanta Saoire na Cásca

Beidh an scoil ag dúnadh do laethanta saoire na Cásca ar an Aoine, an 31ú Mártá agus ag athoscailt ar an Luan, an 17ú Aibreán ag a 9.00r.n. Ar lá na laethanta saoire, iarraim oraibh na Naónáin Bheaga agus Mhóra a bhailíú ag 12.00 agus gach rang eile ag 12.30i.n.

Easter Holidays

The school will close for the Easter Holidays on Friday, the 31st March and will re-open on Monday, the 18th April at 9.00a.m. On the day of the holidays, the Junior and Senior Infants will finish at 12.00 noon and all other classes at 12.30p.m.

Ard Léitheoir na Ranga: (Naónáin Mhóra-Rang 4)

Teastaíonn uainn an chomórtas “Ard Léitheoir na Ranga” a rith idir an téarma seo chun na daltaí a mhealladh le haghaidh breis léitheoireacht a dhéanamh. Beidh duaiseanna ar fáil ag an deireadh dóibh siúd a dhéanann an iarracht is mó.

Top Class reader

We wish to run the “Top Class Reader Competition” again this term. This is a way to encourage the children to read more. Prizes will be awarded to those who make the greatest effort.

Rince Gaelach:

Míle buíochas dóibh siúd a d’íoc as na ranganna rince tríd an gcóras Aladdin.

Irish Dancing

Many thanks to all who have paid for the dancing classes through Aladdin.

Seomra is Slachtmhara

Comhghairdeachas le Rang 2 a bhuaigh an chomórtas seo maidin inniu.

Tidiest room Award

I would like to congratulate the pupils in Rang 2 who were awarded the Tidiest Room Award today.

Gaeilgeoirí na Seachtaine:

Comhghairdeas leis na páistí thíos a bhuaigh an gradam seo an tseachtain seo.

Congratulations to the pupils listed below who won this award this week.

Naónáin Bheaga: Eliza-May Ní Mhaolbhail/Pixie Bhreatnach

Naónáin Mhóra: Ruadhán Ó Tuathail/Margot Thébaudau

Rang 1: Cillian Mac Rodáin/Lana Ní Chonghaile

Rang 2: Muireann Nic an Ghaill/Lucas Frisch

Rang 3: Matilda Nic Ghiolla Cheallaigh

Rang 4: Aodhán Mac Donnacha

Rang 5: Aoibhinn Ní Ruáin

Rang 6: Aida Nic Chearnaigh-Ghiolla Phádraig

Gradam Cineáltais

Mar chuid den síriú ar chineáltais agus tuisceana, bronnadh duaiseanna ar na páistí thíos.

As part of our focus on kindness and understanding, the following pupils won awards this week.

Naíonán Bheaga: Aoibheann Ní Fhathaigh

Naíonán Mhóra: Timothy Nisse

Rang 1: Cáit Saomar

Rang 2: Johnny Ó Cléireacháin

Rang 3: Geoffrey de Búrca

Rang 4: Amelia Seoighe

Rang 5: Pádraig Mac a Mhíle

Rang 6: Olive de Búrca

Mo bhuíochas libh as ucht bhur dtacaíocht.

Thanking you for your continued support.

Is mise le meas,

Caroline Nic Dhonncha (P.O.F.)